

SEÁN Ó FEARGHAIL, CAISLEÁN NA BEITHE

Nuair a bhí Dúithche na Beithe i gCondae Roscomáin dá dhíol bhí duine uasal sa Spidéal an t-Iarla Muirghéiseach. Bhí sé ina bhreitheamh agus chuaidh sé ag an gcandáil. Bhí aithne aige ar fhear a dtugaidís Seán Ó Fearghail air. Bhí Seán a’ ceannacht na dúithche chomh maith leis féin. Nuair a chuireadh an Muirghéiseach míle punt é chuireadh Seán chúig mhíle é. Nuair a chonnaic sé sin, “is dóchaidhe” a Sheáin” ar seisean, “nach bhfuil comhaireamh ar bith ar do chuid airgid.”

“Bhuel” adeir Seán, “dá mbeithfeá i do sheasamh ag ceann mo sparáin agus an diabhal a bheith ag an gceann eile bheadh sé blian sul dá gcastaoi le chéile sibh.”

“Má sé sin an sgéal” adeir an Muirghéasach, “ní ghabhfaidh mise níos fuide.”

Fuair Seán an dúithche. Bhí os cionn trí sgóir tionóntaí ar an dúithche. Níor fhága sé fear bean ná páiste ar an dúithche nár chaith sé amach lá ar na bhárach. Bhí bean óg i dtrioblóid clainne agus chaith sé amach ar an tsráid í agus cead aice a bheith beo nó marbh. Chuaidh sé agus rinne sé caisleán annsin ar thaobh an bhóthair. Níor mhaith leis an oiread de thalamh a chur amú agus go mbeadh avenue amach óna dhoras aige. Chaith sé blianta maith go leor ina chomhnaidhe ann sul a bhfuair sé bás. Thréis báis dó b’éigean dá bhean agus dá chlann a ghul agus teach eile a dhéanamh – ní raibh sé a’tabhairt aon suimhneas dófa – agus imtheacht as a’ gcaisleán. Tar éis imtheacht as ní rabhadar a’ fágáil aon suaimhneas uaidh. D’imthigh siad anonn go Sasana. Chuaidh siad do chomhnaidhe ann. Bhí cuimse feilmeacha ar fud na hÉireann aige. Sgríobh a bhean agus a chlann abhaile ag an stiubhard agus dubhairt siad leis an stoc a chruinniú agus a gcandáil. Fear eile de mhuintir Fhearghail ab eadh an stiubhard.

Chruinnigh sé an stoc fré na chéile agus nuair a bhíodar cruinn ar fad bhí fear agus fich de mhaortha ann. Thug sé isteach ins a’ gcaisleán le n-a mbéile a fhágáil dófa. Thug sé neart le n-ithe agus le n-ól dóf’.

Nuair a bhí an trathnóna a’ tigheacht d’eirigh an stiubhard ina sheasamh a’gul abhaile. D’fíafraigh sé de na maortha a’ bhfanfaidís annsin anocht nó a’ dtiocfaidís leis féin. Dubhairt beirt aca nach bhfanfaidís ann. Dubhairt ocht bhfear déag go bhfanfadh siad mar bhíodar go maidin.

“Dá mbeadh gunna agam” adeir ceann de an maortha, “Dá mba é an tubaiste mór agus a phéire adharc ní chuirfeadh sé faitchíos orm.”

“Gheobhfaidh tú sin” ar seisean, a’ tabhairt baraille dúbalta dó agus neart piléar.

Nuair a bhí sé in am aca gul a chodladh shocruigh siad a leabaidh uile go léireach sa gcistinigh. Luigh siad siad síos le taobh a chéile agus fear a' ghunna ar cholbha. Más fada gearr a bhíodar ann tháinig Seán agus mharbhuigh sé uile go léireach iad ach aon fhear amháin. Bhí sé sin díth-bheo agus séard a dubhairt sé go raibh gur shíl sé go raibh sé curtha treasna trí bhalla an tighe leis an bhfásghadh a fuair sé.

Tháinig an stiubhard ar maidin agus an bheirt fhear eile. Nuair a chonnaic siad an t-ár a bhí déanta sgannruigh siad. Chuir siad fios ar an sagart agus tháinig sé. Chuir sé a stil faoi n-a mhuineál agus thosuigh sé a' leightheoireacht agus thug sé Seán i láthair.

"Bhuel anois a Sheáin" adeir sé, "bhfuil náire ar a bhfuil déanta agat."

"Déanfa mé tuilleadh" adeir Seán, "ní ghabhfa duine an bóthar nach gcuirfidh mé an bhail sin air."

"Cuirfidh mise reachtaí ort" adeir an sagart, "go ngabhfa daoine an bóthar agus nach mbainfidh tú leofa."

Bhí aill mhór de chloch in aice leis.

"Cuirim-se isteach san aill thú anois go lá an bhreitheamhnais" adeir an sagart. "Feicfidh tú a' gul an bóthar iad – ní fhéadfaidh tú labhairt nó baint leof". Ní fheicfe siad-san thú agus ní aireochaidh siad thú."

Tá Seán annsin go lá an bhreitheamhnais.